# ÁISEANNA BUNSCOILE





www.angum.ie
www.seideansi.ie
www.gaschaint.ie


An Gúm | Foras na Gaeilge



**PACÁISTE 4 LEABHAR**
ISBN 9781857919905




**Megan Ní Ifearnáin**




**Vince Reid**





**Céilim ar Laethanta Saoire**
ISBN 9781857919851




**Céilim sa Choill**
ISBN 9781857919868




**Céilim agus an Lá Sneachta**
ISBN 9781857919875

Tá ceithre leabhar sa tsraith nua seo le Megan Ní Ifearnáin. Bíonn eachtra nua ag Céilim agus ag Mamaí gach séasúr sa bhliain. Bíonn madra Chéilim, Rírá, ag imirt folach bíog sna léaráidí freisin. Coinnigh súil amach dó! Leabhair shimplí iad seo a d'oirfeadh do pháistí óga – más iad féin atá á léamh, nó má tá duine eile á léamh os ard dóibh – agus tá spleodar, iontas agus greann sna léaráidí le Vince Reid.

**Bileoga Dathúcháin**

Tá bileoga dathúcháin ag gabháil leis an tsraith Céilim agus Rírá. Déan an cód MF a scanadh agus tabharfaidh sé caol díreach go dtí ár suíomh gréasáin thú mar a bhfuil fáil ar na bileoga sin.




**Céilim ar an bhFeirm**
ISBN 9781857919844





**Áiteanna Iontacha Aisteacha**
Miralda Colombo

Tar linn ar aistear ar fud an domhain chun cuairt a thabhairt ar 15 iontas de dhéantús an duine. Ní inniu ná inné a tógadh cuid de na háiteanna iontacha aisteacha a fheicfidh tú ar an turas seo, ach na céadta nó na mílte bliain ó shin. Cuid eile acu is le déanaí a tógadh iad agus tá ceann amháin acu fós á tógáil, fiú. Is cuma ársa nó úrnua iad, tá áilleacht, éachtaí agus eachtraí ag baint le gach ceann acu: An Taj Majal, Machu Picchu agus Pirimid Chúfú ina measc.

ISBN 9781857919882

**Bileoga Gníomhaíochtaí**
Tá pacáiste de bhileoga gníomhaíochtaí bunaithe ar *Áiteanna Iontacha Aisteacha* ar fáil ar www.angum.ie anois. Déan an cód MF thall a scanadh agus tabharfaidh sé caol díreach go dtí an suíomh thú.

Áis iontach atá ann don mhúinteoir a bheadh ag iarraidh an leabhar a úsáid sa seomra ranga. Tá leathanach ar leith le haghaidh gach aon cheann de na háiteanna iontacha sa leabhar seo, mar aon le crosfhocal, gníomhaíochtaí a bhaineann le foclóirí a úsáid agus léarscáil a léamh.







**Croí an Teaghlaigh an Grá**
Sophie Beer

Cibé acu is mamaí amháin nó beirt atá agat, daidí amháin nó beirt, tuismitheoir amháin, nó mamaí agus daidí, is é an rud a fhágann gur teaghlach sibh ná... AN GRÁ

ISBN 9781857919899

# CLÁR ÁISEANNA BUNSCOILE

**Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin www.angum.ie mar a bhfuil fáil ar na háiseanna ar líne ag An Gúm.**

Sa bhróisiúr seo tá mórán áiseanna don oide agus don dalta i gcomhair an churaclaim bhunscoile, idir áiseanna ar líne agus áiseanna clóite. *Féach Thart*, *Mata go Deo!*, Mata le Chéile, *Líon an Dúlra* agus *Séideán Sí*. Cuireann an Gúm fáilte roimh iarratais ó mhúinteoirí ar chóip dhea-mhéine dár gcuid leabhar scoile.

Tá na hábhair sa bhróisiúr rangaithe de réir mhór-réimsí an churaclaim bhunscoile.


## 1

| OSIE: Áiseanna Curaclaim | LCH |
|---|---|
| Féach Thart! | 1 |
| Rang 6 | 2 |
| Rang 5 | 3 |
| Rang 4 | 4 |
| Na Naíonáin – Rang 3 | 5 |

## 2

| OSIE: Ábhair Thacaíochta | LCH |
|---|---|
| Imshaol | 6 |
| An Eolaíocht | 7-9 |
| An Tíreolaíocht | 9-11 |

## 3

| An Mhatamaitic | LCH |
|---|---|
| Póstaeir | 12-13 |
| Mata le Chéile | 14 |
| Mata go Deo | 15 |
| Bunfhoclóir Matamaitice / Táblaí Mata | 16 |

## 4

| An Ghaeilge | LCH |
|---|---|
| Séideán Sí | 17-19 |
| Ábhar Léitheoireachta | 20-21 |
| Ábhar Tacaíochta do Thuismitheoirí | 22 |
| Póstaeir | 23 |

## 5

| Oideachas Ealaíon / Áiseanna ar líne | LCH |
|---|---|
| Drámaí | 24 |



www.angum.ie

angum@forasnagaeilge.ie

01 639 8448 / 01 639 8427


**Lean sinn:**

@AnGumFnaG

@AnGumFnaG

@angumfnag

www.youtube.com

An Gúm | Foras na Gaeilge

OSIE

# FÉACH THART

Máire Ní Ghallchobhair

## Féach Thart!

Is éard atá sa tsraith Féach Thart réimse áiseanna, idir áiseanna ar líne agus áiseanna clóite chun freastal ar an gcuraclam OSIE

**www.angum.ie**

6
5
4
RANG

STAIR

EOLAÍOCHT

TÍREOLAÍOCHT

19
sraith sleamhnán
Leabhair Oibre

**RANG 4, 5 AGUS 6**

**I gcás rang 4, 5 agus 6 tá sraitheanna sleamhnán agus leabhar oibre ar fáil do na trí ábhar thuas**

3
2
1
NAÍONÁIN

I gcás gach rang
ó na naíonáin go rang 3
tá leabhar an dalta ar fáil.

Cuir fios ar chóip
de na leabhair oibre seo!


Leabhair Oibre

# Stair, Tíreolaíocht agus Eolaíocht

Máire Ní Ghallchobhair

Scéim bliana le haghaidh Rang 6 atá sa phacáiste **Féach Thart: Stair, Tíreolaíocht agus Eolaíocht.** Is i bhFómhar 2023 a bheidh fáil ar chuid na hEolaíochta den chúrsa. Cuirtear 19 dtéama i láthair na ndaltaí, iad uile bunaithe ar cheann de shnáithaonaid an churaclaim OSCE. Is le sraitheanna sleamhnán Powerpoint a chuirtear na téamaí i láthair agus tá fáil orthu saor in aisce ar **www.angum.ie**

Tá leabhar oibre ag gabháil le gach scéim chomh maith. Bunaithe ar ábhar na sleamhnán atá na ceisteanna agus cleachtaí sa leabhar sin. Tá na leabhair oibre ar fáil ó shiopaí leabhar.











## Leabhar Oibre




ISBN 9781857919448




ISBN 9781857919622




ISBN 9781857919790

# Eolaíocht, Stair agus Tíreolaíocht

Máire Ní Ghallchobhair

Scéim bliana le haghaidh Rang 5 atá sna pacáistí **Féach Thart: Eolaíocht, Stair** agus **Tíreolaíocht**. I gcás gach ábhair cuirtear 19 dtéama i láthair na ndaltaí, iad uile bunaithe ar cheann de shnáithaonaid an churaclaim OSIE. Is le sraitheanna sleamhnán Powerpoint a chuirtear na téamaí i láthair agus tá fáil orthu saor in aisce ar **www.angum.ie**

Tá leabhar oibre ag gabháil le gach scéim chomh maith. Bunaithe ar ábhar na sleamhnán atá na ceisteanna agus cleachtaí sna leabhair sin. Tá siad ar fáil ó shiopaí leabhar.












## Leabhar Oibre




ISBN 9781857919288




ISBN 9781857918915




ISBN 9781857919257

# Eolaíocht, Stair agus Tíreolaíocht

Máire Ní Ghallchobhair

Scéim bliana le haghaidh Rang 4 atá sna pacáistí **Féach Thart: Eolaíocht, Stair** agus **Tíreolaíocht**. I gcás gach ábhair cuirtear 19 dtéama i láthair na ndaltaí, iad uile bunaithe ar cheann de shnáithaonaid an churaclaim OSIE. Is le sraitheanna sleamhnán Powerpoint a chuirtear na téamaí i láthair agus tá fáil orthu saor in aisce ar **www.angum.ie**

Tá leabhar oibre ag gabháil le gach scéim chomh maith. Bunaithe ar ábhar na sleamhnán atá na ceisteanna agus cleachtaí sna leabhair sin. Tá siad ar fáil ó shiopaí leabhar.







Inis Oírr: Saol an Oileáin




## Leabhar Oibre







ISBN 9781857915631




ISBN 9781857918274





ISBN 9781857918267


# Leabhar an Dalta

Sraith leabhar do dhaltaí i ranganna na Naíonán suas go Rang 3 atá leagtha amach ar an leathanach seo. Murab ionann agus leabhar an dalta do Rang 4–6 níl sraith sleamhnán ag gabháil leis na leabhair seo. Is é is aidhm leo spéis sa saol thart orthu a chothú sna páistí scoile. Téacs simplí iontu mar aon le pictiúir dheasa, neart ceisteanna, crosfhocail, focalchuardaigh agus go leor cleachtaí eile ag gabháil le gach caibidil. Gabhann leabhar múinteora le leabhar na Naíonán Beag agus na Naíonán Mór amháin.


FÉACH THART





**NAÍONÁIN SÓISIR**
**Féach Thart! 1**
ISBN 9781857912234





**NAÍONÁIN SINSIR**
**Féach Thart! 2**
ISBN 9781857912524





**RANG 1**
**Féach Thart! 3**
ISBN 9781857912777





**RANG 2**
**Féach Thart! 4**
ISBN 9781857912821





**NAÍONÁIN SÓISIR**
**Leabhar an Mhúinteora**
Ar fáil saor in aisce ó An Gúm




**NAÍONÁIN SINSIR**
**Leabhar an Mhúinteora**
Ar fáil saor in aisce ó An Gúm




**RANG 3**
**Féach Thart! 5**
ISBN 9781857914726





**Ábhar samplach**

# Imshaol

## Líon an Dúlra

Nuachtlitir leictreonach spreagúil í seo faoin dúlra agus faoi chúrsaí timpeallachta. Leagan Gaeilge atá ann den fhoilseachán **Nature's Web** a fhoilsíonn Stáisiún Mara Inis Arcáin. Tá míreanna spéisiúla ann faoin saol mórthimpeall orainn mar aon le cuardaigh focal, oidis etc. Foilsítear eagrán uair in aghaidh an tséasúir. Tá an t-ábhar ann ag teacht lena bhfuil leagtha síos i gCuraclam na Bunscoile.

Le híoslódáil ó
**www.angum.ie**


An Foghlaí Bréige

Cén dath a bhíonn ar an bhfeamainn?

Le John Joyce

Planda is ea an fheamainn, níl ann ach go bhfásann sí san fharraige nó ar an gcladach[1]. Dála plandaí eile, baineann an fheamainn úsáid as fuinneamh na gréine chun fíocháin plandaí[2] a ghiniúint[3] as ceimicéain, sa timpeallacht[4]. Sin é mar a bhíonn plandaí ag fás agus ag atáirgeadh[5].

Nuair nach ndéantar scagadh ar bith air[6], bíonn seacht ndath an speictrim[7] i solas bán na gréine[8]. Is iad na dathanna a fheiceann tú sa bhogha báistí atá i gceist: dearg, oráiste, buí, gorm, glas, indeagó[9] agus vialait[10]. Ach feidhmíonn an sáile[11] mar a bheadh scagaire[12] ann agus scagann sé an solas dearg, oráiste agus buí amach as an solas bán. Mar sin, má ghlactar grianghraf faoin uisce gan splanc shaorga[13] a úsáid, ní bhíonn le feiceáil ach dathanna gorma agus glasa.

Tá an fheamainn tar éis í féin a chur in oiriúint don timpeallacht in a bhfásann sí[14] sa tslí is go bhfuil sí ábalta solas glas agus solas gorm a ionsú[15]. Chuige sin, bíonn dathanna ar leith ar an bhfeamainn i.e. donn agus dearg. Is fearr a ionsúnn na dathanna sin solas glas agus solas gorm.

Dá dhoimhne a fhásann an fheamainn san fharraige is ea is treise[16] an dath dearg a bhíonn uirthi[16]. An bealach is fearr chun é sin a fheiceáil ná dul ag siúl ar an gcladach nuair a bhíonn trá rabharta[17] ann. Ar bharr an chladaigh bíonn dath glas ar an bhfeamainn, díreach mar a bhíonn ar na plandaí talún. Tá sé sin amhlaidh de bharr nach mbíonn ar an bhfeamainn sin ar bharr an chladaigh í féin a chur in oiriúint don solas faoin sáile. Ach de réir mar a théann tú síos an cladach i dtreo na farraige feicfidh tú go n-athraíonn dath na feamainne ó ghlas go donn go dearg. In íochtar an chladaigh ar fad[18] bíonn dath dearg ar an bhfeamainn.

Is minic a bhíonn na carraigeacha ar an gcladach an-sleamhain. Bí cúramach má théann tú ag siúl orthu agus bí cinnte go bhfuil duine fásta i do theannta.

Íomhánna agus téacs John Joyce ©

Conas iasc a tharraingt

1 Tarraing an liopa uachtair.

2 Tarraing an liopa íochtair.

3 Tarraing imlíne an choirp.

4 Cuir súil agus geolbhaigh isteach.


5 Cuir na heití agus an t-eireaball isteach.

An Gúm | Líon an Dúlra | Earrach 2020 | www.naturesweb.ie | 5

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.




## An Goraille




Sa leabhar gleoite seo caitear súil ghrinn an ghrianghrafadóra ar ghoraille sléibhe ón uair a thagann sí ar an saol go mbíonn sí ina goraille lánfhásta agus í sé bliana d'aois. Taobh leis na grianghraif áille déantar cur síos ar shaol na ngoraillí — cúrsaí teaghlaigh agus bia, mar a thógtar iad agus mar a dhéanann siad cumarsáid le chéile. Áis iontach é an leabhar seo sa bhaile agus sa seomra ranga araon!

ISBN 9781857910841

## An Athchúrsáil




Áis an-luachmhar traschuraclaim don seomra ranga. Sa leabhar seo pléitear tábhacht na hathchúrsála agus conas a théann ár gcuidne cinntí agus gníomhaíochtaí i bhfeidhm ar an domhan ina mairimid.


ISBN 9781857918052

# An Eolaíocht


## Fuinneamh is Fáilte

## Cuán Clúmhach

Dhá leabhar eolais i bhfoirm úrscéalta grafacha. Cuán agus eachtrán a threoraíonn páistí agus iad ag foghlaim faoi na coincheapa eolaíochta, Fuinneamh agus Scéal an Damhna. Bainfidh daltaí taitneamh as an gcur i láthair nuálach.




ISBN 9781857918304





ISBN 9781857918335

## An gCacann Beacha?

## Cén fáth a mbím ag Broimneach?

Is grúpa cairde iad an Seisear Salach atá ina gcónaí i ndumpa na cathrach. Chuirfeadh sé iontas ort a oiread agus is féidir a fhoghlaim faoin eolaíocht agus tú sa dumpa! Sna heachtraí a gcastar orthu ann faigheann siad amach mar gheall ar na difrochtaí idir rudaí beo agus rudaí neamhbheo chomh maith le heolas a chur ar an gcóras díleá.






ISBN 9781857919196




ISBN 9781857919202

RANG 4+




**Gaiscí Snámha agus Tumadóireachta**
ISBN 9781857919332

# An Eolaíocht

## NA LAOCHRA LÚFARA

Sa tsraith seo gheobhaimid amach cé na hainmhithe is lúfara, is láidre agus is tapúla ar fad. Níos tábhachtaí fós, gheobhaimid amach cé na hainmhithe a bheadh in ann an lámh in uachtar a fháil ar na lúthchleasaithe daonna is fearr sna cluichí oilimpeacha. An bhfuil sibh réidh? ... Seo Libh!



TÚS NA gCLUICHÍ!

Gach ceithre bliana tagann na lúthchleasaithe is fearr ar domhan le chéile agus glacann siad páirt sna Cluichí Oilimpeacha.

Sna comórtais snámha bíonn ar na lúthchleasaithe a gcuid scileanna, a neart agus a luas a léiriú san uisce. Sna comórtais tumadóireachta bíonn béim ar an gcomhordú agus ar an smacht le linn do na hiomaitheoirí gaiscí a dhéanamh san aer.


Bíonn an chuid is mó de na comórtais snámha agus tumadóireachta ar siúl i linn snámha atá 50 méadar ar fad.

4


In aibhneacha agus i bhfarraigí timpeall an domhain, tiocfaidh tú ar ainmhithe a sháródh an chuid is fearr de na lúthchleasaithe daonna.

Na cumais snámha agus tumadóireachta atá ag na hainmhithe, is **buanna nádúrtha** iad a bhíonn acu ó dhúchas. Cuireann na buanna sin ar a gcumas **maireachtáil** san uisce. Ar aghaidh linn agus féachaimis cé na hainmhithe a thabharfadh bonn abhaile leo ó na Cluichí Oilimpeacha!


5




**Gaiscí Gleacaíochta**
ISBN 9781857919325




**Gaiscí Nirt agus Troda**
ISBN 9781857919332




**Gaiscí Lúthchleasaíochta**
ISBN 9781857919318


# An Eolaíocht

## EOIN EOLAÍ


Conas aire mhaith a thabhairt dá chuid fiacla? Conas slaghdán a chur de dhroim seoil. Tá fonn foghlama ar an leaid óg Eoin ina dtaobh sin agus cabhraíonn a mháthair leis tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a oibríonn corp an duine óig. Bealach spreagúil mealltach le blaiseadh den Eolaíocht a chur i láthair an eolaí óig!





**Fiacla Folláine**
ISBN 978857914412




**Tá mo chuid ceall ag Fás**
ISBN 978857914405




**Bealach an Bhia**
ISBN 978857914382





**Cogadh na bhFrídíní**
ISBN 978857914399

# An Tíreolaíocht


Ní lia tír ná gnás. Sa tsraith 5 leabhar seo tá grianghraif spleodracha ó cheithre chearn na cruinne de pháistí ag spraoi nó ag gabháil do gníomhaíocht éigin i gcomhluadar a gcairde.
Caith tamall spraoi le páistí ón mBrasaíl, ón India nó ón bPacastáin.

**Am Spraoi**
ISBN 9781857916270








**Rothair**
ISBN 9781857916249





**Sa Bhaile**
ISBN 9781857916263




**Ár nAinmhithe**
ISBN 9781857917772




**Gruaig**
ISBN 9781857916232



# An Tíreolaíocht

## Puzail Míreanna Mearaí

**285 mm x 365 mm**

Trí cinn de phuzail Míreanna Mearaí a bheidh ina n-áis foghlama agus spraoi araon ag páistí bunscoile.



**Na Lochlannaigh**
ISBN 9781857917178




**Éire**
ISBN 9781857917161




**An Eoraip**
ISBN 9781857917154

## Éire: Léarscáil Bhalla

**600 mm x 840 mm**

Léarscáil iomlán daite le crochadh sa seomra ranga. Dhá thaobh atá uirthi ag léiriú na ngnéithe riaracháin agus na ngnéithe fisiceacha den tír agus iad rianaithe go soiléir.

ISBN 9781857914467





# An Tíreolaíocht

## Atlas Bunscoile

Tá Atlas Bunscoile as cló faoi láthair. Ní bheidh athchló á chur ar an leabhar seo de bharr go bhfuil atlas bunscoile nua á réiteach ag an nGúm faoi láthair. Atlas úrnua a bheidh sa leabhar seo ina mbeidh an t-eolas agus na sonraí is déanaí mar gheall ar Éirinn féin agus ar na tíortha eile ar fud na hEorpa agus an domhain.

Beidh an leabhar nua seo á fhoilsiú in 2025.




## An tUisce: Sú na Beatha

Is é atá sa leabhar seo cur síos ar an ngnáthshaol laethúil ag seisear leanaí ó thíortha éagsúla agus ar thábhacht an uisce ina saol. Tugtar léargas an-mhaith ann ar luach an uisce agus ar na bealaí éagsúla a bhíonn ag na leanaí chun teacht air, é a stóráil agus é a úsáid. Beidh an leabhar seo ina áis iontach sa bhaile agus ar scoil chun plé a thosú ar chaomhnú acmhainní luachmhara nádúrtha mar an t-uisce.

ISBN 9781857917246

## Póstaer Balla

**520 mm x 760 mm**

Mapa Polaitiúil agus Fisiceach

ISBN: 9781857914153




# Mata go Deo!

## Póstaeir





**20**
póstaer mata
www.angum.ie

**8**
bPacáiste Tacaíochta
www.angum.ie

# Póstaeir – Mata go Deo

## Póstaeir agus Pacáistí Tacaíochta

Dhá shraith de phóstaeir atá bunaithe ar an tsraith leabhar matamaitice Mata go Deo! Fiche póstaer atá san iomlán agus iad ar fáil le híoslódáil saor in aisce ó **www.angum.ie**

Tá pacáiste tacaíochta le haghaidh 8 gcinn acu foilsithe anois ar an suíomh céanna. Féadfaidh múinteoirí iad a íoslódáil agus a chur i láthair ar chlár bán. Tá idir bhileoga an mhúinteora agus an dalta i ngach pacáiste agus an t-ábhar leagtha amach i bhfoirm ceisteanna agus freagraí.




## Póstaeir Bhalla

Dhá shraith de phóstaeir bhalla ar díol.
Liosta na bpóstaer sa dá shraith tugtha thíos.




### SRAITH 1

1 Comhaireamh
2 Daoine a chomhaireamh
3 Rudaí a chomhaireamh I
4 Na hOrduimhreacha
5 Rudaí a chomhaireamh II
6 Laethanta na Seachtaine
7 Míonna na Bliana
8 Aois
9 An tAm (1 go dtí 12)
10 Airgead

### SRAITH 2

1 Uair
2 Rudaí a chomhaireamh: Cait
3 Rudaí a chomhaireamh: Asail
4 Daoine a chomhaireamh
5 Rudaí a chomhaireamh: Cait Bheaga
6 Rudaí a chomhaireamh: Báid Mhóra
7 Aois (11 go dtí 20)
8 An tAm a chomhaireamh (11 go dtí 24)
9 Rudaí a chomhaireamh (Ceann, 1 go dtí 10)
10 Rudaí a chomhaireamh (Ceann, 11 go dtí 20)

I gcás sraith 10 bpóstaer is in aon phacáiste amháin a dhíoltar iad.
€15 a ghearrtar ar gach aon sraith.

**Ar fáil le híoslódáil saor in aisce ó www.angum.ie**



# MATA LE CHÉILE

## Leabhar an Oide

Florence Gavin

### Leagan Digiteach


Ar an suíomh gréasáin **www.angum.ie** tá fáil ar leagan PDF de gach ábhar sa tsraith Mata le Chéile

### Leagan Crua


Fillteán agus leathanaigh scaoilte ann agus cead ag múinteoirí an t-ábhar a chóipeáil. Déantar coincheapa na Matamaitice a fhorbairt de réir a chéile sna háiseanna seo. Tá deis ag daltaí dá réir sin a gcuid scileanna a fhorbairt de réir a chéile, ar luas a oireann dóibh féin

## Leabhar an Oide

SAOR IN AISCE angum.ie




**Mata le Chéile – Tús Maith**





**Mata le Chéile – 1 agus 2**




**Mata le Chéile – Rang 3**


NAÍONÁIN GO RANG 3




**Mata le Chéile – Rang 4**






**Mata le Chéile – Rang 5**





**Mata le Chéile – Rang 6**

RANG 4-6







# MATA GO DEO

## Leabhar an Dalta


Florence Gavin

### Leagan Digiteach


Tá leagan Pdf de leabhair saothair Mata go Deo ar fáil ar www.angum.ie

### Leagan Crua


Bíonn daltaí ann a fhoghlaimíonn coincheapa na Matamaitice go sciobtha ach is beag dalta a fhoghlaimíonn iad gan dul siar go rialta orthu. Lena aghaidh sin na leabhair saothair seo chun tógáil ar fhoghlaim na matamaitice agus scileanna nua na ndaltaí a dhaingniú. Tá neart cleachtaí sna leabhair saothair agus iad maisithe go tuisceanach spraíúil.





**Mata go Deo – N. Sóisir**
ISBN 9781857918199





**Mata go Deo – N. Sinsir**
ISBN 9781857918205





**Mata go Deo – Rang 1**
ISBN 9781857918076





**Mata go Deo – Rang 2**
ISBN 9781857917567





**Mata go Deo – Rang 3**
ISBN 9781857917574




**Mata go Deo – Rang 4**
ISBN 9781857917581






**Mata go Deo – Rang 5**
ISBN 97818579178331




**Mata go Deo – Rang 6**
ISBN 9781857917949






## Bunfhoclóir Matamaitice

**Florence Gavin**

Foclóir matamaitice le haghaidh na mbunscoileanna agus é leagtha amach ar bhealach an-tarraingteach agus raidhse léaráidí ann. Mínítear na coincheapa agus téarmaí ar shlí intuigthe shoiléir. Áis iontach do mhúinteoirí agus daltaí araon.





ISBN 9781857916669


## Táblaí Mata · Fíorais Uimhris

**Florence Gavin**

Sraith de leabhráin ina ndéantar na táblaí a chur i láthair agus a chleachtadh ar bhealach tarraingteach spéisiúil. Is é an aidhm atá leis na leabhair seo ná a chur ar chumas daltaí na táblaí a fhoghlaim chomh maith sin go mbeidh máistreacht iomlán acu orthu. Tá cóip shamplach de na leabhráin seo ar fáil ó An Gúm.




**An Roinnt**
ISBN 9781857915051




**An tIolrú**
ISBN 9781857915044




**Suimiú agus Dealú**
ISBN 9781857915037


## Séideán Sí

Tá clár athbhreithnithe agus nuashonraithe á leagan amach ag an nGúm i gcomhar leis an Roinn Oideachais faoi láthair do Shéideán Sí mar phacáiste iomlán.

Beidh deis ag múinteoirí moltaí a dhéanamh faoi na leasuithe agus na nuashonraithe is gá a dhéanamh ar an bpacáiste. Beidh suirbhé lena aghaidh sin á scaipeadh ag an nGúm ar bhunscoileanna in am trátha.

Séideán Sí

## Aipeanna Shéideán Sí




An ndearna tú aipeanna Shéideanna Sí a íoslódáil go fóill? Forbraíodh 3 aip don chlár Shéideán Sí le gur furasta ag múinteoirí agus tuismitheoirí teacht ar an raon áiseanna agus gníomhaíochtaí digiteacha a ghabhann leis an gcúrsa seo. Áiseanna iad seo atá ar fáil i gcónaí ar www.seideansi.ie

Tá na haipeanna seo curtha in oiriúint do ghléasanna Apple agus Android. Tá fáil orthu sna haipmhargaí.




**Bróisiúr Shéideán Sí**

Sa bhróisiúr seo is de réir ranga atá áiseanna Shéideán Sí leagtha amach - idir áiseanna digiteacha agus áiseanna clóite. Ta leagan Pdf den bhróisiúr ar fáil ar **www.seideansi.ie**

# Úrscéalta Ranga

Séideán Sí


Ábhar tacaíochta ar líne ar fáil dóibh seo **www.seideansi.ie**





**An Nathair agus na Spéaclaí**
ISBN 9781857916898




**An Teist**
ISBN 9781857917284





**Carraig na Caillí**
ISBN 9781857917369





**Úbalonga**
ISBN 9781857917895





**Cine Shiabhra**
ISBN 9781857917642





**An Marcach Óg**
ISBN 9781857917628





**Amstardam**
ISBN 9781857917901





**Go Tóin Poill**
ISBN 9781857917666





**An Múinteoir Nua**
ISBN 9781857916881




**Ar Thóir an Toirc Bháin**
ISBN 9781857917291




**Cathal**
ISBN 9781857918106




**Mistéir Lios an Chatha**
ISBN 9781857917000


Séideán Sí

# Ábhar eile Léitheoireachta


## Úrscéalta do Rang 3-6




**Sconsa**
ISBN 9781857919813




**Seo, Bleachtairí Beaga Bhaile Átha Cliath**
ISBN 9781857919745




**I Lár na Coille**
ISBN 9781857919752





**Is Mise Úna**
ISBN 9781857919707

## Gearrscéalta




**Siotaí Sí**
ISBN 9781857916980




**Togha agus Rogha**
ISBN 9781857917314




**Sin Scéal Eile**
ISBN 9781857917673




**I gCéin is i gCóngar**
ISBN 9781857918113


## Agallaimh Bheirte





**Cogar Mé Seo Leat**
ISBN 9781857917017




**Cogar Mé Seo Leat Arís**
9781857917338





**Inis Seo Dom!**
ISBN 9781857917680




**Siar agus Aniar**
ISBN 9781857918137


## Beathaisnéisí/Leabhair Eolais




**Micheál Ó Conaill**
ISBN 9781857917031




**Mairéad Ní Mhaonaigh**
ISBN 9781857917321




**Bean Uasal Mhisníúil (Adi Roche)**
ISBN 9781857917635




**Macdara Ó Fátharta**
ISBN 9781857918144




**Lá an Dreoilín i gCorca Dhuibhne**
ISBN 9781857917024

RANG 5+

# Ábhar Léitheoireachta

## Do Chodladh Beag

**Dr Ann-Marie Crowe**

Leabhar é seo do leanaí agus dá dtuismitheoirí chun an próiseas a bhaineann le teacht isteach san ospidéal le haghaidh obráide nó scanadh faoi ainéistéiseach ginearálta a mhíniú.

ISBN 9781857919806

## Pádraigín Phléascach

### Raic agus Ribíní

**Emily Gale**

Is ceapadóir cúnta í Pádraigín Phléascach agus ábhar spiaire lena chois sin. Caithfidh sí féin agus a madra, Einstein, breith ar spiaire idirnáisiúnta agus bulaí na scoile a chloí in éineacht. Cén dochar é má tharlaíonn PLÉASCADH anseo is ansiúd feadh na slí agus an obair thábhachtach sin ar siúl aici!

ISBN 9781857919486


## Ag dul i dTír


SOUNDCLOUD


**Miriam Molony**

An uair dheireanach a casadh Tomás Mac Lannchaidh agus a theaghlach orainn in Turas go Meiriceá bhí siad tar éis an t-aistear fada as Éirinn siar go Meiriceá a chur díobh. Bhí idir bhrón is ghliondar ag baint leis an aistear céanna. Anois tá siad réidh le dul i dtír agus saol nua a réiteach dóibh féin san Oileán Úr; tús a chur le haistear cinniúnach eile.

ISBN 9781857919592




## Leabhair a bhfuil an-díol orthu i gcónaí





**Taibhsí sa Teach**

ISBN 9781857917543




**An Seilide agus an Míol Mór**

ISBN 9781857915501




**Scuabtha chun Siúil**

ISBN 9781857914546

# Sraitheanna Léitheoireachta

## Scéalta Clasaiceacha


Tá eagrán úrnua de na trí scéal chlasaiceacha seo ar fáil anois. Insítear gach scéal le téacs mór simplí agus pictiúir bhríomhara a chabhróidh go mór le páistí brí an scéil a thabhairt leo agus taitneamh a bhaint as an léitheoireacht.




**Cinnín Óir agus na Trí Bhéar**
ISBN 9781857913736




**Cochaillín Dearg**
ISBN 9781857913071




**Na Trí Mhuicín**
ISBN 9781857913064


## Scéalta Fiannaíochta

**le Tadhg Mac Dhonnagáin**
**Kieron Black a mhaisigh**


Ceithre leabhar atá sa tsraith mhóréilimh seo. Tá siad á ndíol ceann ar ceann nó más fearr leat an tsraith iomlán a cheannach tá siad ar fáil in aon bhoscra amháin agus dlúthdhioscaí fuaime de na scéalta á léamh ag an údar san áireamh.




**Fionn Mac Cumhaill**
ISBN 9781857916676



**Bran agus Sceolán**
ISBN 9781857917116





**Gruaig Fhinn**
ISBN 9781857917741





**Oisín**
ISBN 9781857917420

## Léitheoireacht Tosaigh


Ceithre leabhar simplí le Nicola Moffatt. Aon abairt amháin ar gach leathanach agus béim faoi leith ar na briathra gnímh.





**Lá Breá Fuar**
ISBN 9781857917130




**Bhí Ocras ar Oisín**
ISBN 9781857914054





**Bhí Oisín ar Scoil**
ISBN 9781857914979





**Niamh Amuigh ag Siúl**
ISBN 9781857914818

## Léitheoireacht Neamhspleách


Sraith de thrí leabhar léitheoireachta le hÁine Ní Ghlinn i gcomhair páistí a bhfuil cumas sa léitheoireacht neamhspleách bainte amach acu.




**Glantachán Earraigh**
ISBN 9781857914641




**Céard atá sa Bhosca**
ISBN 9781857914573




**An Leaba Sciathánach**
ISBN 9781857914139


## Gaschaint

**www.gaschaint.ie**
Suíomh gréasáin agus Leabhar 2000 frásaí

Tá mar aidhm ag Gaschaint go ndéanfaidh sé éascaíocht dóibh siúd atá ag iarraidh Gaeilge a thabhairt dá gclann. Bunaithe ar réimse teanga na tuismitheoireachta atá na frásaí samplacha go léir atá roinnte in 11 mhórthopaic. Ar mhaithe le cruinneas cainte tá taifeadadh fuaime ar fáil ar an suíomh gréasáin www.gaschaint.ie.

Caint bheo na Gaeltachta atá ar an taifeadadh.

ISBN 9781857915570




SOUNDCLOUD

## Closleabhair ar fáil ar an ardán www.soundcloud.com

Tá stór maith de leabhair an Ghúim ar fáil ar www.soundcloud.com. Sraith 4 leabhar Tatyana Feeney - *Eilifint Óg agus an Folcadán* etc, *Béirín na Picnice*, *An Seilide agus an Míol Mór*, *Scuabtha chun Siúil,* Ag dul i dTír agus a thuilleadh nach iad.

Agus leabhar á léamh ag páiste is iontach an taca aige bheith in ann éisteacht leis an scéal á léamh.







# Póstaeir

## Crainn na hÉireann agus Thuaisceart na hEorpa

### Póstaeir Bhalla agus bileoga an dalta

An chuid is coitianta de chrainn na hÉireann agus de thuaisceart na hEorpa atá sna póstaeir bhalla seo agus ainm curtha orthu. Don rang scoile ar mhaith leo dul i mbun fionnachtana sa choill agus eolas a chur ar na crainn atá inti tá leagan A4 de na póstaeir bhalla ar fáil le breith leo. Treoir iontach chun gné d'áilleacht agus d'iontas an dúlra a bhlaiseadh.




**Póstaeir**
ISBN 9781857910599

**Bileoga A4**
ISBN 9781857910605

Is féidir na póstaeir seo a íoslódáil ón suíomh **www.angum.ie**

## Póstaeir bunaithe ar sheanfhocail

Dhá shraith de 10 bpóstaer rí-áille bunaithe ar sheanfhocail.




**10 bPóstaer: Sraith 1**
ISBN 9781857913576




**10 bPóstaer: Sraith 2**
ISBN 9781857910926

RANG 1+

# Drámaí

## Dhá Dhráma Bunscoile

**le Mícheál Mac Cárthaigh**





### Cé a Mharaigh Neilí Jimí Rua?

Faightear Neilí Jimí Rua marbh ina leaba. Tá brón agus alltacht ar a cairde agus ar na comharsana. Dúnmharú, gan dabht, a bhí ann, dar lena cairde agus lena lucht aitheantais. Caithfear fios a chur ar na bleachtairí … bhuel ar bhleachtaire amháin, ach go háirithe.

### Bainis Labhraí Loirc

Tá príomhchomhairleoir an Rí trí chéile go mór agus cúis mhaith aige! Tá an lá mór tagtha, an lá ar a mbearrtar gruaig an Rí gach aon bhliain, agus gan oiread is bearbóir amháin le fáil. Cad a dhéanfaidh sé in aon chor?

ISBN 9781857915211




## An Leon Ocrach

**agus drámaí beaga eile · Éilís de Brún**

Deich gcinn de dhrámaí beaga atá an-fheiliúnach do pháistí óga. Is drámaí fíorghairide iad agus is furasta iad a léiriú sa seomra ranga. Tabharfaidh na drámaí beaga seo cleachtadh do pháistí ar labhairt na Gaeilge i gcomhluadar aerach spórtúil.

ISBN 9781857914061

# Áiseanna ar Líne

Tá mórán áiseanna do mhúinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí curtha ar fáil ag an Gúm ar na suíomhanna seo a leanas:

**www.angum.ie**
**www.seideansi.ie**
**www.gaschaint.ie**
**www.soundcloud.com**




**Lean sinn:**

@AnGumFnaG
@AnGumFnaG
@angumfnag
www.youtube.com

An Gúm | Foras na Gaeilge

**www.angum.ie**
angum@forasnagaeilge.ie
01 639 8448 / 01 639 8427